**A1 Topaic 7**

**07 Post mar Au Pair**

**Léitheoireacht**

2

## 07 Post mar Au Pair

**Le múineadh:**
- An foclóir a bhaineann le buanna agus scileanna a chur in iúl.

3

## Bileog
## Post mar Au Pair

4

©GaeilgegoDeo 2023

## Post mar Au Pair

- Tá Siobhán ag cur isteach ar phost chun aire a thabhairt do bheirt pháistí.
- Seo thíos an ríomhphost a chuir sí chuig Bean Uí Chearúil agus an freagra a fuair sí ar ais.
- Tá gluais ag bun an leathanaigh chun cabhrú leat.

5

## Post mar Au Pair

- Léigh an dhá ríomhphost.
- Ansin líon isteach na bearnaí leis na focail chuí ón gciorcal.

6

## Post mar Au Pair

| | |
|---|---|
| mac léinn | *student* |
| do theachtaireacht | *your message* |
| a mhúineadh | *to teach* |
| tá brón orm | *I'm sorry* |
| cabhair | *help* |
| tá súil againn | *we hope* |

7

©GaeilgegoDeo 2023

## Post mar Au Pair

cócaireacht

ceadúnas tiomána

carr linn snámha

ríomhaireachta bua

Gaeilge páistí óga

Fraincise

8

## Ó: Siobhán

**Ó:** Siobhán Ní Riain <s.ni.riain84@eircom.net>

**Ábhar:** Post mar *au pair* don samhradh

**Dáta:** 11 Bealtaine 2012

**Chuig:** Therese Uí Chearúil <Theresecearúil@iol.ie>

9

A dhuine uasail,

Is mac léinn ____________ agus ____________ mé in Ollscoil na Gaillimhe. Tá deartháir agus deirfiúr óg agam agus is breá liom ___________. Tá scileanna _____________ agam agus tá mé sásta na scileanna sin a mhúineadh do na páistí. Tá mé go maith ag______________ freisin má tá cabhair ag teastáil sa chistin!

10

©GaeilgegoDeo 2023

A dhuine uasail,

Is mac léinn **Gaeilge** agus **Fraincise** mé in Ollscoil na Gaillimhe. Tá deartháir agus deirfiúr óg agam agus is breá liom **páistí óga**. Tá scileanna **ríomhaireachta** agam agus tá mé sásta na scileanna sin a mhúineadh do na páistí. Tá mé go maith ag **cócaireacht** freisin má tá cabhair ag teastáil sa chistin!

11

Ag súil le cloisteáil uait,

Is mise le meas,

Siobhán Ní Riain.

12

## Ó: Therese Uí Chearúil

**Ó:** Therese Uí Chearúil <Theresechearúil@iol.ie>

**Ábhar: Re:** Post mar au pair don samhradh

**Dáta:** 12 Bealtaine 2012

**Chuig:** Siobhán Ní Riain <s.ni.riain84@eircom.net>

13

©GaeilgegoDeo 2023

A Shiobhán, a chara,

Go raibh maith agat as do theachtaireacht. Ta brón orm ach tá duine ag teastáil a bhfuil ____________ ____________ aige/aici agus ______ chun na páistí a thiomáint chuig an _________ ____________ gach maidin. Tá suim ag na páistí sa cheol freisin agus tá súil againn duine a fháil a bhfuil _________ an cheoil acu chun cabhrú leo.

14

A Shiobhán, a chara,

Go raibh maith agat as do theachtaireacht. Ta brón orm ach tá duine ag teastáil a bhfuil **ceadúnas** **tiomáma** aige/aici agus **carr** chun na páistí a thiomáint chuig an **linn** **snámha** gach maidin. Tá suim ag na páistí sa cheol freisin agus tá súil againn duine a fháil a bhfuil **bua** an cheoil acu chun cabhrú leo.

15

Go n-éirí leat!

Le meas,

Therese Bn Uí Chearúil

16

**Bileog**
**Post mar Au Pair**
**Foclóir an tsleachta**

17

## Post mar Au Pair

- Scríobh aon fhoclóir nua ón script ar mhaith leat a fhoghlaim síos.
- Déan iarracht an foclóir sin a chur in abairtí gearra.

18

## Post mar Au Pair

- Cad iad na scileanna atá tú sásta a mhúineadh?
- Scríobh cúpla abairt síos.
- Mar shampla: Tá mé sásta tiomáint a mhúineadh.

19

©GaeilgegoDeo 2023

## Post mar Au Pair

- Cruthaigh seoladh ríomhphoist as Gaeilge.
- Bain úsáid as aon fhoclóir atá foghlamtha agat go dtí seo.
- Úsáid do shamhlaíocht.
- Mar shampla: cailíniontach@ismaithliomgaeilge.ie

20

## Post mar Au Pair

- Cad is brí le "**bua an cheoil**" ?

- *Tá bua an spóirt ag David Beckham.*
- *Tá bua an cheoil ag Bruce Springsteen.*
- *Tá bua na haisteoireachta ag Daniel Day Lewis.*
- *Tá bua na cócaireachta ag Gordon Ramsay*.

- Tabhair buille faoi thuairim

21

## Post mar Au Pair

- Cad is brí le "**bua an cheoil**" ?

- *Tá bua an spóirt ag David Beckham.*
- *Tá bua an cheoil ag Bruce Springsteen.*
- *Tá bua na haisteoireachta ag Daniel Day Lewis.*
- *Tá bua na cócaireachta ag Gordon Ramsay*.

- Tabhair buille faoi thuairim

22

## Post mar Au Pair

- Ba mhaith le Therese Uí Chearúil duine a bhfuil bua an cheoil aige.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas.
- Cad é an freagra ar ***An bhfuil?***
- **Tá / Níl**

23

## Post mar Au Pair

- An bhfuil bua an cheoil agat?
- An bhfuil bua an spóirt agat?
- An bhfuil bua na hamhránaíochta agat?
- An bhfuil bua na cócaireachta agat?
- An bhfuil bua na cainte agat?

24

## 07 Post mar Au Pair

**Le múineadh:**
- An foclóir a bhaineann le buanna agus scileanna a chur in iúl.

25

©GaeilgegoDeo 2023